Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2023
(OR. en)

16892/23

LIMITE

ENER 703
CLIMA 656
TRANS 609
CONSOM 491
IND 695
ECOFIN 1392
FISC 300

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0443(NLE)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16136/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2578 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse feidhme<br>- Comhaontú polaitiúil |

## RÉAMHRÁ

1. An 28 Samhain 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2578 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse feidhme[1].

2. Le Rialachán (AE) 2022/2578 ón gComhairle (an 'Rialachán maidir le Sásra Ceartúcháin Margaidh'), bunaítear córas beart sealadach chun cosc a chur le harduithe tobanna ar phraghsanna gáis atá ró-ard san Aontas nuair nach léiríonn siad na praghsanna sin ar an margadh domhanda. Comhaontaíodh teorainn EUR 180/MWh a chur le trádálacha ar mhalartuithe gáis na hEorpa faoi choinníollacha áirithe. Gníomhachtaítear an sásra sin nuair a bhogann praghsanna ag pointí trádála fíorúla an Aontais os cionn leibhéil áirithe agus nuair atá na praghsanna sin go mór os cionn praghas tagartha a léiríonn treochtaí domhanda praghsanna GNL.

[1] 16136/23

3. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún síneadh bliana a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Sásra Ceartúcháin Margaidh go dtí an 31 Eanáir 2025.

4. I bhfianaise ghanntanas leanúnach na soláthairtí gáis, mar aon leis an luaineacht praghsanna arb í an chothromaíocht leochaileach sna margaí gáis domhanda is cúis léi, meastar go bhfuil gá leis an síneadh sin atá spriocdhírithe agus teoranta ó thaobh ama de chun praghsanna fuinnimh ró-ard a sheachaint le linn shéasúr geimhridh 2023/2024. Ba cheart a lua freisin gur baineadh de thátal as na measúnuithe a rinne ESMA agus ACER, agus measúnaithe a rinne an Coimisiún ina dhiaidh sin, nár tugadh faoi deara aon éifeachtaí diúltacha ar chinnteacht an tsoláthair, ar shreafaí gáis nó cobhsaíocht airgeadais laistigh den Aontas ó tháinig an Rialachán maidir le Sásra Ceartúcháin Margaidh i bhfeidhm.

PUBLIC

**<u>STAID NA hIMEARTHA</u>**

5. Scrúdaíodh an togra ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Fhuinneamh an 5, an 7 agus an 12 Nollaig 2023.

6. Tar éis di barúlacha na mBallstát a chur san áireamh, thíolaic an Uachtaránacht an chéad athbhreithniú ar an téacs[2] le haghaidh seisiún tuairimíochta ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 15 Nollaig 2023.

7. Ós rud é go bhféadfadh tromlach mór na mBallstát glacadh leis an téacs athbhreithnithe, cuireann an Uachtaránacht an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo i láthair anois d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) a bheidh ar siúl an 19 Nollaig 2023.

8. Rinneadh roinnt athruithe breise dlítheangeolaíocha agus stíle ar fud an téacs chun feabhas a chur air, lena n-áirítear ailíniú na n-aithrisí comhionanna sna trí rialachán éigeandála.

9. Le hais an togra ón gCoimisiún, is i g**cló trom** nó leis an tsiombail [...] atá na hathruithe marcáilte. Tá athruithe nua i gcomparáid le 16186/23 (+ COR 1) marcáilte i g**<u>cló trom agus líne fúthu</u>** agus leis an tsiombail <u>[...]</u>.

[2] 16186/23 + COR 1

**CONCLÚID**

10. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, aon saincheist de chuid na dtoscaireachtaí atá fós gan réiteach a phlé agus teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán seo ón gComhairle.

PUBLIC

**RIALACHÁN (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2578 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse feidhme**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/2578 ón gComhairle[3], [...]**bunaítear** sásra ceartúcháin margaidh sealadach le haghaidh orduithe a dhéantar chun díorthaigh a thrádáil atá nasctha le pointí trádála fíorúla an Aontais ag a bhfuil aibíochtaí idir mí roimh ré agus bliain roimh ré. Dá bharr sin, tá feidhm ag an sásra ceartúcháin margaidh maidir le haon díorthach tráchtearraí, a dhéantar a thrádáil ar mhargadh rialáilte, arb é a bhunionstraim idirbheart gáis in aon phointe trádála fíorúla san Aontas.

[3] Rialachán (AE) 2022/2578 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh den Aontas agus an geilleagar a chosaint ar phraghsanna as cuimse ard (IO L 335, 29.12.2022, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2578/oj).

(2) Tá an sásra ceartúcháin margaidh le gníomhachtú [...] **nuair** a tharlóidh teagmhas ceartúcháin margaidh, is é sin, i gcás ina dtéann praghas socraíochta díorthach Shaoráid Aistrithe Teideal na míosa tosaigh, arna fhoilsiú ag ICE Endex B.V., **(an Ísiltír)**, thar EUR 180/MWh agus ina bhfuil sé EUR 35 níos airde ná an praghas tagartha ar 3 lá oibre. [...] Le Rialachán (AE) 2022/2578, socraítear teorainn dhinimiciúil tairisceana, ar dá réir, **nuair a tharlóidh teagmhas ceartúcháin margaidh, nár** cheart d'oibreoirí margaidh [...] glacadh le horduithe le haghaidh díorthach ag a bhfuil praghsanna EUR 35/MWh os cionn an phraghais tagartha a d'fhoilsigh Gníomhaireacht an **Aontais Eorpaigh** um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (**'**ACER**'**)[4] an lá roimhe sin agus **nár** cheart do rannpháirtithe sa mhargadh iad a thíolacadh.

(3) Sna tuarascálacha measúnaithe ar éifeachtaí a foilsíodh an 1 Márta 2023 i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2578, [...]rinne an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (**'**ESMA**'**)[...][5] **agus ACER** anailís ar roinnt táscairí chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an tsásra ceartúcháin margaidh ó tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm. Tháinig **ESMA** [...] agus **ACER** [...] ar an gconclúid nár gníomhachtaíodh an sásra ceartúcháin margaidh agus nár tháinig aon éifeacht dhiúltach ar shlándáil **an** tsoláthair**,** [...] ar an sreabhadh **gáis** laistigh den Aontas [...] **nó** ar an **gcobhsaíocht** airgeadais chun cinn go dtí gur foilsíodh a dtuarascálacha.

(4) Ag cur leis na táscairí a ndearna [...] **ESMA** agus **ACER** [...] anailís orthu ina dtuarascálacha an 1 Márta 2023, chuir an Coimisiún síneadh leis an anailís **chun** measúnú a dhéanamh [...] ar fhorbairtí sa mhargadh [...] **tar éis na tréimhse ama a ndearnadh anailís uirthi sna tuarascálacha sin**. Níor sainaithníodh aon éifeacht dhiúltach ó tháinig Rialachán (AE) 2022/2578 i bhfeidhm agus níor gníomhachtaíodh an sásra ceartúcháin margaidh riamh.

[4] [...][...]
[5] [...]



PUBLIC

(5) Mar sin féin, tá deacrachtaí tromchúiseacha ann fós maidir le slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais. Tá staid dhomhanda an mhargaidh gáis fós an-docht. Tá praghsanna gáis fós i bhfad níos airde ná **mar a bhí siad roimh thús na** géarchéime **san Eoraip a d'eascair as an bhfuinnimh a bheith á úsáid mar uirlis troda ag an Rúis agus a cogadh foghach ar an Úcráin,** agus iarmhairtí dosheachanta an méid sin ar chumhacht cheannaigh shaoránaigh an Aontais agus **ar** iomaíochas ghnólachtaí an Aontais.

(6) Tá luaineacht an **mhargaidh gáis** mar thoradh freisin ar dhoichte an mhargaidh a thagann as rioscaí geopholaitiúla, agus is riosca breise í do [...]gheilleagar **an A**ontais. Léiríonn na heachtraí de luaineacht shuntasach praghsanna a chonacthas sa samhradh agus go luath i bhfómhar 2023, nuair a tháinig méadú níos mó ná 50 % ar phraghsanna laistigh de chúpla seachtain, go bhfuil na margaí leochaileach i gcónaí agus go bhfuil siad fós leochaileach do thurraingí measartha beag ar éileamh agus ar sholáthar, mar is léir ó ghluaiseachtaí praghsanna tar éis imeachtaí a tharla le déanaí, mar shampla an stailc i saoráidí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) na hAstráile, nó an cur isteach ar idirnascaire Mhuir Bhailt [Balticconnector]. Tá riosca geopholaitiúil suntasach breise ag baint leis an ngéarchéim leanúnach sa Mheánoirthear agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aici ar phraghsanna agus [...] soláthar **g**áis.

(7) Tá na margaí gáis domhanda an-docht faoi láthair agus meastar gur mar sin a bheidh siad go ceann tamaill. Níor tháinig ach [...]**méadú** beag ar an soláthar domhanda GNL le 2 bhliain anuas mar gheall ar bhreisithe teoranta acmhainneachta leachtaithe, éaradh ag saoráidí móra easpórtála agus laghdú ar sholáthar gáis fotha ag gléasraí GNL. Tá sé socraithe go mbeidh acmhainneacht shuntasach nua leachtaithe GNL <u>[...]</u> <u>**oibríochtúil, ach ní**</u> go dtí am éigin i rith na bliana 2025. Dá bhrí sin, **meastar** go mbeidh cothromaíochtaí margaidh éiginnte go ceann tamaill eile fós.

(8) Anuas air sin, mar gheall ar an laghdú suntasach ar allmhairí gáis ó phíblíne na Rúise le bliain anuas, tá **laghdú** [...]suntasach tagtha ar infhaighteacht **na** soláthairtí gáis san Aontas i gcomparáid leis an méid a bhí ann roimh an ngéarchéim. Leis na leibhéil reatha allmhairí gáis, meastar go bhfaighidh an tAontas tuairim is 20 **billiún méadar ciúbach (**bcm**)** de ghás ó píblíne na Rúise in 2023, thart ar 110 bcm níos lú ná mar a bhí in 2021. Dá dheasca sin, tá baol tromchúiseach ann fós go dtarlóidh ganntanais gáis san Aontas sa ghearrthéarma. I bhfianaise na ndálaí dochta margaidh atá ann faoi láthair, **féad**faidh praghsanna [...]méadú arís **mar thoradh** ar theagmhais dhothuartha agus suaití tobanna, mar shampla**:** athphlódú in éileamh GNL na hÁise**,** [...]**a** d'fhéadfadh infhaighteacht gáis ar an margadh domhanda gáis a laghdú; dálaí adhaimsire a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do stóráil hidreachumhachta [...] **agus** do tháirgeadh núicléach, lena n-éileofaí dul i muinín giniúint cumhachta gásadhainte a thuilleadh; agus tuilleadh suaití a d'fhéadfadh a bheith sa soláthar gáis, lena n-áirítear go gcuirfear deireadh iomlán le hallmhairí gáis ón Rúis, agus cur isteach breise ar bhonneagair chriticiúla [...], [...]**mar shampla** gníomhartha sabaitéireachta i gcoinne phíblíne Nord Stream 1 i mí Mheán Fómhair 2022 [...] **nó** cur isteach ar phíblíne idirnascaire Mhuir Bhailt [Balticconnector] i mí Dheireadh Fómhair 2023.

(9) Mar gheall ar dheacrachtaí tromchúiseacha marthanacha, tá an tAontas uile neamhchosanta ar rioscaí a bhaineann le ganntanas fuinnimh agus praghsanna arda fuinnimh. D'fhéadfadh tionchar **diúltach** [...]a bheith ag leibhéal na bpraghsanna gáis ar [...]staid eacnamaíoch **an Aontais**, **ar a** iomaíochas tionsclaíoch agus [...]**ar** chumhacht ceannaigh **a chuid saoránach**.

PUBLIC

(10) Faoi na dálaí s**i**[...]n, [...]**go háirithe** i gcás roinnt rioscaí geopholaitiúla a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar phraghsanna gáis, [...]**féad**faidh an eagla roimh ghanntanas [...]a bheith ina chúis le freagairtí **suntasacha** a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith acu ar phraghsanna **gáis**. I bhfianaise an chomhardaithe chúng idir an soláthar agus an t-éileamh faoi láthair, d'fhéadfadh suaitı́ sa soláthar gáis measartha fiú tionchar mór a bheith acu ar [...]phraghsanna gáis agus d'fhéadfadh siad dochar tromchúiseach marthanach a dhéanamh don gheilleagar agus do shaoránaigh an Aontais.

(11) Ag buaicphointe na géarchéime, ghlac an tAontas freagairt láidir chomhordaithe chun a shaoránaigh agus a gheilleagar a chosaint ar phraghsanna[...] **ró-ard** agus chun a áirithiú go sreabhfadh gás thar theorainneacha chuig na tomhaltóirí uile i ngátar, [...]**lena n-áirítear** i gcásanna ganntanais gáis. Chuir freagairt an Aontais [...]**de bhun '**an Plean REPowerEU'[6]**, mar a fógraíodh i dteachtaireacht an 18 Bealtaine 2022 ón gCoimisiún,** agus tionscnaimh ina dhiaidh sin, lena n-áirítear na bearta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2578, le feabh**as** a chur **ar** an staid. Dá scoirfeadh na bearta sin d'fheidhm a bheith acu, **chuirfí** [...]an staid chobhsaithe [...], **bíodh is** go bhfuil sí leochaileach go fóill, **atá** bainte amach ag an Aontas, **i mbaol**, agus [...]**thiocfadh meath** ar an teacht aniar i leith teagmhas a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus i leith suaití tobanna [...].

---

**6**[...]

(12) Ós rud é gur margadh aonair é an tAontas agus go meastar gurb é Saoráid Aistrithe Teideal **na hÍsiltíre** an t-ionadach praghsála 'caighdeánach' ar mhargaí gáis **na hEorpa**, bheadh iarmhairtí tromchúiseacha ag praghsanna arda gáis ar na díorthaigh a bhaineann leis **an** tSaoráid Aistrithe Teideal i ngach Ballstát, ach bheadh déine na tromchúise sin **éagsúil** ag brath ar an mBallstát féin. Ba cheart díorthaigh a bhaineann le gach pointe trádála fíorúla eile san Aontas a bheith san áireamh fós i bhfadú **thréimhse chur i bhfeidhm** Rialachán (AE) 2022/2578 ionas go seachnófar aistrithe féideartha trádála chuig díorthaigh a bhfuil baint acu le pointí trádála fíorúla eile a d'fhéadfadh saobhadh a bheith mar thoradh orthu [...]**ar** [...]mhargaí fuinnimh nó airgeadais **an Aontais**. Neartaíonn an sásra ceartúcháin margaidh dlúthpháirtíocht an Aontais chun praghsanna gáis atá i bhfad ró-ard a sheachaint, praghsanna nach bhfuil inbhuanaithe fiú ar feadh tréimhsí gearra i gcás go leor Ballstát. Le an sásra ceartúcháin margaidh, is féidir a áirithiú, **de mheon dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit,** go mbeidh gnóthais soláthair gáis [...]**sna** Ballstáit uile in ann gás a cheannach ar phraghsanna réasúnta [...].

[...](1**3**[...]) Agus é á chur san áireamh go scoirfidh Rialachán (AE) 2022/2578 d'fheidhm a bheith aige an 31 Eanáir 2024, is beart éigeandála é síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm, de mheon dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit [...] [...] **mar** fhreagai[...]**rt** ar dheacrachtaí tromchúiseacha leanúnacha maidir le soláthar fuinnimh [...] **lena** mbaineann riosca géarchéime a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus praghsanna ró-ard [...].

(1**4**[...]) **Thairis sin,** [...]tá fadú ar thréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2578 comhsheasmhach [...]leis an bPlean REPowerEU arb é is aidhm dó saoránaigh agus geilleagar **an Aontais** a chosaint ar phraghsanna ró-ard agus ar ghanntanais soláthair fuinnimh.

(1**5**[...]) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an 1 Feabhra 2024 chun cosaint leanúnach ar phraghsanna ró-ard a áirithiú ar feadh shéasúr geimhridh 2023/2024.

(1**6**[...]) Ba cheart an [...]**fadú** a bheith sealadach agus ba cheart dó leanúint de bheith i bhfeidhm go dtí [...]an **31** Eanáir 2025. [...]Tá **sé** riachtanach agus comhréireach mar gheall ar chineál leanúnach na ndeacrachtaí tromchúiseacha **agus na rioscaí do shlándáil soláthair gáis agus praghsanna gáis an Aontais**[...], agus **mar gheall ar** éiginnteacht na staide reatha.

(1**7**[...]) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, agus gur féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(1**8**[...]) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2022/2578 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2022/2578**

In Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2022/2578, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara abairt:

'Beidh feidhm aige go dtí an 31 Eanáir 2025.'.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm [...]**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Feabhra 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/i/sa [...]**…, …**

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC